Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Nollaig 2016
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0140 (COD)**

**10755/1/16**
**REV 1 ADD 1**

**AGRI 381**
**VETER 66**
**AGRILEG 103**
**ANIMAUX 19**
**SAN 286**
**DENLEG 65**
**PHYTOSAN 18**
**SEMENCES 9**
**CODEC 985**
**PARLNAT 365**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE a ghlacadh maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh 999/2001, (CE) Uimh 396/2005, (CE) Uimh 1069/2009, (CE) Uimh 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) Uimh. 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh 854/2004 agus (CE) Uimh 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– A ghlac an Chomhairle ar an 19 Nollaig 2016 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 6 Bealtaine 2013, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, bunaithe ar Airteagal 43(2), Airteagal 114 agus Airteagal 168(4)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (an gnáthnós imeachta reachtach)[1].

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa (PE) a seasamh ar an gcéad léamh ar an 15 Aibreán 2014[2]. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Coiste na Réigiún agus thug siad a dtuairimí uathu ar an 16-17 Deireadh Fómhair 2013 agus ar an 29 Samhain 2013 faoi seach.

3. Scrúdaigh Meitheal Chomhpháirteach na Saineolaithe Tréidliachta agus na Saineolaithe Fíteashláintíochta, Meitheal na bPríomhoifigeach Tréidliachta agus Meitheal na gComhairleoirí/Attachés Talmhaíochta an togra seacht mbabhta is tríocha faoi uachtaránachtaí éagsúla.

4. Tháinig Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) ar chomhaontú maidir leis an sainordú caibidlíochta tosaigh agus dheimhnigh an Chomhairle mar chur chuige ginearálta ansin é ar an 26 Deireadh Fómhair 2015[3]. Athbhreithníodh an sainordú sin tuilleadh ar an 18 Bealtaine 2016[4] agus ar an 10 Meitheamh 2016[5].

5. I ndiaidh roinnt cruinnithe teicniúla agus cruinnithe tríthaobhacha neamhfhoirmiúla le linn Uachtaránacht Lucsamburg agus Uachtaránacht na hÍsiltíre, thángthas ar chomhaontú sealadach ar an 15 Meitheamh 2016 ag an deichiú cruinniú tríthaobhach idir na comhreachtóirí maidir le téacs comhréitigh d'fhonn luath-chomhaontú a dhéanamh ar an dara léamh. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) an téacs comhréitigh sin ar an 22 Meitheamh 2016[6].

---

[1] 9464/13 + ADD1 +ADD 2
[2] 8304/14
[3] 13242/15 + 13181/15 + 13209/15
[4] 8121/16 + ADD1 go ADD5
[5] 8346/16
[6] 10248/16 + ADD1

6. Ar an 12 Iúil 2016, chuir Cathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ar Coiste de chuid Pharlaimint na hEorpa é, litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gurbh amhlaidh, dá nglacfadh an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh i gcomhréir leis an téacs a bhí ag gabháil leis an litir sin, go molfadh sé don seisiún iomlánach glacadh le seasamh na Comhairle gan aon leasú, faoi réir fíorú dlí/teanga, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

7. Ar an 10 Deireadh Fómhair 2016, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an téacs comhréitigh[7].

## II. CUSPÓIR

Is é cuspóir ginearálta an rialacháin atá beartaithe creat dlíthiúil reatha Rialachán (EC) Uimh. 882/2004 a shimpliú agus a shruthlíniú, lena gcuimsítear beagnach gach earnáil den slabhra agraibhia i sraith uathúil rialacha is infheidhme maidir le rialuithe oifigiúla; tá rialacha ar leithligh maidir le rialuithe ag baint le hearnálacha áirithe, mar shampla sláinte plandaí, ábhar atáirgthe plandaí, seachtháirgí ainmhithe nó táirgeadh orgánach. Ina theannta sin, is é is aidhm don rialachán feabhas a chur ar éifeachtúlacht rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit feadh an tslabhra agraibhia ionas go bhféadfaí freagraí gasta a thabhairt i gcásanna géarchéime agus an t-ualach a chuirtear ar oibreoirí a íoslaghdú ag an am céanna; chuige sin, iarrtar sa rialachán go ndéanfaí na rialuithe sin ar gach oibreoir, ar bhonn riosca agus a mhinice is iomchuí.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### 1. Faisnéis ghinearálta

Sa an téacs comhréitigh, ar thángthas ar chomhaontú polaitiúil air sa Chomhairle, léirítear go hiomlán an comhréiteach ar tháinig na comhreachtóirí air. Coimeádtar cuspóirí thogra an Choimisiúin sa téacs sin agus tugtar na leasuithe is tábhachtaí a ghlac Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh ar aird ag an am céanna.

[7] 12175/16 + ADD1

## 2. Na príomh-shaincheisteanna

a) Raon feidhme

Mheabhraigh an Coimisiún cé go ndéantar foráil maidir le creat ginearálta le haghaidh rialuithe oifigiúla i Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 in earnálacha dhlí na beatha agus an bhia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe, rinneadh, ar chúiseanna stairiúla, rialuithe chun críocha sláinte ainmhithe (maidir le hearraí intíre agus allmhairithe araon) agus rialuithe maidir le hiarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta a rialáil ar leithligh. Ina theannta sin, léirigh sé nár cuireadh rialuithe maidir le hearnálacha áirithe eile a bhaineann leis an slabhra agraibhia san áireamh faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 i.e. sláinte plandaí, ábhar atáirgthe plandaí agus seachtháirgí ainmhithe, agus gur forbraíodh córais shonracha earnála ar leithligh dóibh. Mar sin, mhol an Coimisiún raon feidhme chreat dlíthiúil reatha Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 a mhéadú chun na hearnálacha sin a chorprú agus chun a shoiléiriú go gcumhdaítear táirgeadh orgánach, sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGManna).

Mheas an Chomhairle go raibh sé róluath, ag an gcéim sin, na rialuithe oifigiúla maidir le hábhar atáirgthe plandaí a chur san áireamh sa rialachán seo go dtí go dtionscnóidh an Coimisiún togra nua maidir le hábhar atáirgthe plandaí. D'aontaigh an Chomhairle na rialuithe oifigiúla maidir le scaoileadh réamhbheartaithe OGManna sa chomhshaol a theorannú dóibh siúd chun críche táirgeadh beatha agus bia, agus na rialuithe sonracha maidir le trealamh leata lotnaidicíde a eisiamh. De bhreis air sin, shoiléirigh an Chomhairle cé nár cheart feidhm a bheith ag an rialachán seo chun comhlíonadh Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 (Comheagraíocht den mhargadh i dtáirgí talmhaíochta) a fhíorú, ba cheart feidhm a bheith aige nuair a aithnítear cleachtais chalaoiseacha nó mheabhlacha i leith caighdeáin mhargaíochta le linn seiceálacha arna ndéanamh de bhun Airteagal 89 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013.

b) Rialuithe oifigiúla a mhaoiniú

De bhrí gur coinníodh an prionsabal ginearálta reatha sa togra ón gCoimisiún is é sin gur cheart do na Ballstáit acmhainní iomchuí airgeadais a leithdháileadh ar rialuithe oifigiúla, mhol sé go ndéanfaí an oibleagáid reatha a bhaineann le táillí a bhailiú ó roinnt oibreoirí gnó, agus uathu amháin, a leathnú chuig gach oibreoir sna réimsí a chumhdaítear sa rialachán. Ba é an cuspóir a bhí leis na costais a tabhaíodh i gcomhair feidhmiú rialuithe oifigiúla a aisghabháil ó gach earnáil, agus foráil a dhéanamh do dhíolúintí i gcomhair micreaghnóthas ag an am céanna. Níor moladh sa togra ón gCoimisiún na leibhéil reatha a choinneáil socraithe do chigireacht éigeantach oibreoirí gnó a bhíonn ag plé le feoil, táirgí iascaigh, táirgeadh bainne, chun bunaíochtaí beatha a fhormheas agus le haghaidh (an chuid is mó de) rialuithe ag teorainneacha. Ina ionad sin, moladh go socródh na Ballstáit na leibhéil sin ar bhonn modhanna aonfhoirmeacha agus trédhearcacha.

Mheas an Chomhairle nár ghá aon athrú a dhéanamh ar raon chóras na dtáillí éigeantacha agus gur cheart na leibhéil socraithe atá ann cheana a choinneáil toisc gur chóras sásúil ar an iomlán é. Mar sin féin, d'aontaigh an Chomhairle go mbeadh iallach ar na Ballstáit atá toilteannach táillí a ghearradh ar leibhéal na gcostas arna dtabhú, seachas ar leibhéal socraithe, rialacha comhchuibhithe a leanúint maidir le cumhdach costas agus modhanna ríomha. Ina theannta sin, d'aontaigh an Chomhairle gur cheart é a bheith d'oibleagáid ag na Ballstáit trédhearcacht ríomha, bailithe agus socraithe táillí nó muirear, agus an chomhairliúcháin le geallsealbhóirí iomchuí a fheabhsú.

c) Ról an tréidlia oifigiúil

Mhol an Coimisiún cur chuige solúbtha lena dtugtar deis do na Ballstáit foireann a ainmniú is fearr atá cáilithe, dar leo, chun na rialuithe oifigiúla a dhéanamh, agus lena gcuirtear d'oibleagáid orthu oiliúint iomchuí a chur ar fáil don fhoireann ar fad ag an am céanna.

D'aontaigh an Chomhairle, chun go bhféadfar na rialuithe oifigiúla a eagrú go héifeachtúil, gur cheart rogha a thabhairt do na Ballstáit an fhoireann is iomchuí a aithint chun rialuithe den sórt sin a dhéanamh, ar an gcoinníoll go n-áirithítear ardleibhéal cosanta do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus do leas ainmhithe tríd an slabhra agraibhia agus go gcomhlíontar na caighdeáin agus na hoibleagáidí idirnáisiúnta.

Mar sin féin, mheas an Chomhairle gur gá iallach a chur ar na Ballstáit teagmháil a dhéanamh le tréidlianna oifigiúla i gcásanna áirithe ina bhfuil a scileanna sonracha riachtanach chun toradh fónta ar na rialuithe oifigiúla a áirithiú (i.e. le haghaidh ainmhithe beo, feola, agus roinnt táirgí eile de thionscnamh ainmhíoch). Dar leis an gComhairle, ba cheart an méid sin a bheith gan dochar don fhéidearthacht go ndéanfadh na Ballstáit tréidlianna oifigiúla a úsáid, freisin, le haghaidh rialuithe oifigiúla maidir le héanlaith chlóis agus giorriaigh san áireamh, nó daoine eile atá ainmnithe go sonrach i gcásanna nach gceanglaítear sin i gcomhréir leis an rialachán seo.

d) Cumhachtaí tarmligthe agus cur chun feidhme

Rialachán réime a bheidh sa ghníomh atá beartaithe lena dtabharfar de chumhacht don Choimisiún méid suntasach a mhionsonraí a chinneadh trí ghníomhartha tarmligthe agus/nó cur chun feidhme. Le linn an scrúdaithe sa Chomhairle, tugadh aird ar leith ar na cumhachtaí a bheartaítear don Choimisiún. Cé nár chuir an Chomhairle i gcoinne an phrionsabail maidir le rialachán réime agus cé nár athraigh sí an prionsabal sin, athdhréachtaíodh cuid mhór airteagal chun cumhachtaí an Choimisiúin a imscríobh ar bhealach níos fearr.
De bhreis air sin, maidir leis na forálacha a bhaineann le rialacha sonracha breise le haghaidh rialuithe oifigiúla i ndáil le réimsí sonracha (Airteagal 18 go hAirteagal 27) - e.g. táirgeadh feola lena caitheamh ag an duine, leas ainmhithe, táirgí cosanta plandaí nó sláinte plandaí, thug an Chomhairle roinnt gnéithe ríthábhachtacha isteach sa bhunghníomh agus rinneadh foráil maidir le cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún mar is iomchuí.

Ar deireadh, chun a áirithiú go nglacfar, roimh dháta chur i bhfeidhm an rialacháin, roinnt gníomhartha 'príomha' tarmligthe agus cur chun feidhme atá riachtanach chun an rialachán a chur i bhfeidhm, mar is cuí, tugadh tréimhsí sealadacha isteach. Déantar amhlaidh chun a áirithiú go leanfaidh forálacha atá ann cheana, agus a gcuirfear na gníomhartha a luaitear thuas ina n-ionad, d'fheidhm a bheith acu go dtí go nglacfaidh an Coimisiún na gníomhartha sin. Ba cheart an glacadh sin a dhéanamh a luaithe is féidir agus ar a dhéanaí 3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an rialacháin. Ar an gcaoi sin, áiritheofar nach mbeidh aon bhearna ann agus, ag an am céanna, beidh go leor ama ag an gCoimisiún chun na gníomhartha sin a ullmhú.

e) Sáruithe a thuairisciú

Tar éis iarraidh mhaith a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, d'aontaigh an Chomhairle forálacha a chur san áireamh sa rialachán seo lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit sásraí a chur i bhfeidhm chun sáruithe iarbhír nó féideartha ar an rialachán seo a thuairisciú, chun go bhféadfar an obair leantach a dhéanamh ar thuairisciú den sórt sin agus daoine a thuairiscíonn in aghaidh frithbheartaíochta, idirdhealú nó cóir éagórach a chosaint (Airteagal 140).

## IV. **CONCLÚID**

Léirítear an comhaontú ar tháinig an dá chomhreachtóir air go hiomlán i seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, arna dhearbhú sa litir a luaitear thuas ó Chathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia de chuid Pharlaimint na hEorpa chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe dar dáta an 12 Iúil 2016. D'fhormhuinigh an Chomhairle ina dhiaidh sin é ar an 10 Deireadh Fómhair 2016 tríd an gcomhaontú polaitiúil a ghlacadh.